

Beathaí nua curtha le ainm.ie

Cuireadh sé bheatha nuascríofa leis an an mBunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge, www.ainm.ie, le deireanas. Ina measc, tá cuntas ar [Shorcha Chonail Mhic Grianna](#) (1875–1964), scéalaí as Rann na Feirste, Co. Dhún na nGall. Bailíodh scéalta agus seanchas uaithi faoi stiúradh Choimisiún Béaloideasa Éireann. B'íomaí duine a thug cuairt uirthi le héisteacht léi i mbun scéalaíochta, Máirtín Ó Cadhain ina measc, a thaifead í in 1957 agus a chuir suim mhór i stíl reacaireachta chiúin, mheallacach an scéalaí. Bhí luí ar leith ag Sorcha leis na scéalta iontais idirnáisiúnta.

I Roisín na Mainiach, Carna, Co. na Gaillimhe, a rugadh [Seosamh Ó Guairim](#) (1955–2017), file, nó Josie Joe Pheadair mar ab fhéarr aithne air. Fuair a chuid filíochta aitheantas forleathan, go háirithe ó phobal na Gaeltachta. Chuireadh sé a chroí isteach i léamha poiblí, agus dá mbeadh scata filí liostaithe ar an gclár, b'fhada leis an bpobal go dtagadh uain Sheosaimh mar gheall ar an bhfírinne, an macántacht agus an greann a bhíodh le sonrú trína chuid cainte. Bhí a stíl shainiúil féin aige, stíl nach mbeadh as alt san aois seo caite, nach bhfuil as alt san aois seo agus nach mbeidh as alt, seans, sna haoiseanna romhainn. Tá taifead de Sheosamh ag léamh a chuid filíochta leis an gcuntas seo freisin.

I mBaile Átha Cliath a rugadh [Dónall Caird](#) (1925–2017), easpag de chuid Eaglais na hÉireann. Sheol a athair é go Dún Chaoin agus é ina dhalta scoile agus chaith sé seal ar an mBlascaod Mór. Chuir an t-eispéireas ar an oileán draíochta seo ina óige gliondar air. Chuir sé ríméad air freisin a chomhchreidmhigh Phrotastúnacha a fheiceáil agus a chloisteáil agus iad i mbun adhartha trí Ghaeilge sa séipéal beag i gCill Maoilchéadair, Co. Chiarraí. Labhraíodh sé ag ócáidí éagsúla Gaeilge agus toghadh é mar bhall ar an gcéad Bhord na Gaeilge in 1975. Cosúil lena laoch, Dubhghlas de hÍde, rinne Dónall gach iarracht an Ghaeilge a scarúint ón bpolaitíocht.

Múinteoir, scoláire agus léachtóir ab ea [Caoimhin Ó Nualláin](#) (1917–1987), a bhfuil neamart déanta ann ag lucht na Gaeilge agus ag lucht an Bhéarla agus é faoi scáth a dheartháireacha, Brian agus Ciarán, cuid mhaith. Aithnítear cosúlachtaí stíle idir a chuid saothair agus saothar na Nuallánach eile, osréalachas, leithleachas agus imeartas focal, mar shampla. D'fhoilsigh sé léirmheasanna agus ailt acadúla ar an Léann Clasaiceach ach bhí dáimh ar leith aige leis an tSean-Ghréigis agus go speisialta le saothar Hóiméir. Chóirigh sé eagrán dátheangach den scéal is faide dár bailíodh riamh i dtraidisiún béil na Gaeilge, *Eochair mac rí in Éirinn* (1982). Éamon de Búrca, scéalaí cáiliúil as Carna, Co. na Gaillimhe, a d'aithris an scéal in 1938.

Múinteoir in Éirinn agus sa Bhruiséil ab ea [Nuala Nic Con Iomaire](#) (1967–2010), scríbhneoir, dramadóir agus stiúrthóir ar an mBéal Binn, a chuir na healaíona béil chun cinn i mBré, Co. Chill Mhantáin, idir amhránaíocht, fhilíocht agus drámaíocht. Nuair a d'aistrigh sí siar go dtí an Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, chuir sí seisiún ceoil agus amhránaíochta ar bun ansin. Bhí féith na cruthaitheachta go smior inti féin idir cheol, scríbhneoireacht agus ealaín.

Ollamh le Stair na Meánaoiseanna i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, ab ea [Donnchadh Ó Corráin](#) (1942–2017). Mórscoláire a bhí ann a raibh aithne idirnáisiúnta air mar shaineolaí ar stair na hÉireann sna luath-mheánaoiseanna, ar dhlí, ginealaigh, croinicí agus lámhscríbhinní bíobalta, agus na teangacha ar fad ar a thoil aige a bhí riachtanach le staidéar a dhéanamh ar stair ár n-oileánrach. Léachtóir ardéirimíúil géarintinneach spreagúil ab ea é a chuaigh go mór i bhfeidhm ar mhic léinn agus bhí an-tóir air mar phríomhchainteoir ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Nótaí d'eagarthóirí:

Mórshaothar luachmhar léinn é an cnuasach beathaisnéisí ag www.ainm.ie, a chuimsíonn breis is 1,700 beathaisnéis ó 1560 go dtí an lá inniu. Tá an tionscadal beathaisnéisí Gaeilge seo á fhorbairt ó 2009 i leith ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht agus le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, údair na naoi n-imleabhar a d'fhoilsigh An Clóchomhar idir 1986 agus 2007 faoin teideal *Beathaisnéis*.



An Roinn
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht



S20

STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELIGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

Tá 1.3 milliún focal i gcló sna himleabhair chlóite *Beathaisnéis*. Rinne Gaois, FSG digitiú ar an ábhar seo agus cruthaíodh bunachar sonraí as. Foilsíodh ar líne é nuair a seoladh www.ainm.ie in 2011.

Bunaíodh painéal comheagarthóirí in 2013 faoi stiúir Cló Iar-Chonnacht le cuid de na seanbheathaisnéisí a nuashonrú agus le cinn úra a scríobh. Ba iad Éilis Ní Anluain, Seán Mac Labhraí, Micheál Ó Conghaile, Ailbhe Nic Giolla Chomhaill agus Aonghus Dwane a sholáthair na cuntais seo ar bheathaí na ndaoine thuasluaite.

Tuilleadh eolais ar fáil ó ainm@dcu.ie nó (01) 700 6577.



An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht



S20

STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal